Do thogh mé maicne Domhnuill
[TCD 1340 (H.3.19), 34r]
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Do thogh mé maicne Domhnuill
’gar chleachtus mo chedfhodhluim
síad don ceadfrais do cleacht sinn
teacht ’na n-égmais ni fhuilngim.

2 Maicne Domhnuill thíar is toir
eidir Eirind ⁊ Alboin
do boing don dá annsa inn
co [leg. cá?] cloind tarrsa nach dtuig(h)im.

3 Cland Domnuill nar coigill crod
os acu bhím do bhunodh
tred is toghtha druim ar druim
cred nach ortha do anfuind.

4 Ésguidh céim uam ar mh’aduigh
do teacht d’fheghain F[h]eradhuigh
ceim da feghsain ge lúg linn
ar cúl ní hesgaidh mh’inntind.

5 An eacdra thanac tar tuind
co codhnach cloinde Domhnuill
tren damh-sa teachta da thoigh
nac annsa eachdra a nAlboin.

6 Teachd uatha ní hesgaid linn
an trath thanac a nEirinn
tuc caidreamh cloinne Colla
moille ar mh’aigneadh eatorra.

7 Mo mhían an trat tarrla toir
Mac Domnuill dreach mar corcoir
tuc a nos a hAlbuin inn
o tos gur ardaigh mh’inntinn.

8 Mo craidhi thiar ⁊ toir
fa chloinn Colla go gcuart- (?)
gur tseolus ar chloind Cholla
do roind mh’eolus eatorra.

9 D’fis an tí da dtucus toil
do baoi agum a nAlboin
grad ealta do thríall co tuind
do mhían na heachdra oruinn.

10 Tar gac encloinn fhegas mhe
teacht uatha is adbar leisge
do bud innleanta ar cloinn Cuinn
ac boing imteachta oruinn.

11 Soighteach na righe as tír thoir
ar ndealugad[h] re a dhutoigh
doba creidhim eacht oile
teacht d’Eirinn ar amhsoine.

12 Gan fuil iarmuir ina f[h]olt lag
úa Colla ac cosg a námad

rogha gach gobhlán da ghním
orlár f[h]ola na n-ardrígh.

13 Colla Uais o a bfuil a[n] fear
go Domnall úaidh da n-áirmher
slat do geinilach clann gChuinn
crann do dheighfhideac Domnaill.

14 A-ta agam da ceib chaim
sloindfid me do Mac Domhnaill
a-núasan fírbhun a fhrémh
rigradh úasol na n-oilén.

15 A n-aireamh cia nac cuimhnig
gach rí do Sil tSamhuirligh
milis trat an uair-si d'f[h]ir
a-ta re a n-uaisli dh'airimh.

16 Naenmur airdrig druim ar druim
o Aenghus Mhac Domnuill[s]
do fhreimh an Aonghuis oile
d'aonfrais don reim rígraidi.

17 Clann Aonguis an airm druimnigh
Eoin sud ⁊ Somairligh
frém Gaoidheal tall do tháthaigh
clann d'áoinfer is d'aonmháthair.

18 Sil Somhairligh do gab greim
ar eachdra uainn a nEirind
dream nar íslidh a dtreoir toir
an sil-sin Eoin a nAlbain.

19 Sadhb inghin Amlaib ucht geal [34v]
Mac Domhuill cía nach creidfeadh
fuil tShaidhbhi taob re taoibh[s]
go bfuil 'na aigri d'Amhláoibh.

20 Críc Mhanann fa chlannuib cnichd
o Shaidb do fhúair a n-oighricht
derbaid[h] cró Manann a-muigh
gan tadall dó 'na dhuthuidh.

21 Domnall mhac Radhnuill rosg glas
ar ndealughad re a dhuchas
cred nar dluthaig[h] re clar Cuinn
o narb ál dúthaig[h] Domhnaill.

22 Ríg sin nach éidir d'falac[h]
is úad(a) ro fhás Feradhach
crand d'fidbaid[h] an tíre tall
d'iobraibh na righe Raghnall.

23 Mac Toirrdealbaig táebh leabhar
is urusa a aithnegad
fuil Eochaid an úair ro ibh
co bfuair eochair an einigh.

24 A-ta imat aithne dam
a-der rit rádh na n-ughdar
ní dearna[dh] h'adhuigh mar fhín
gan treabhra[dh] d'faluibh airdrígh.

25 Fuil Áonghuis oig fa hard fuil
fuil Domhnaill trít ar dtosuigh
créd nach umhnachd fád chéib chaim
gac lubgart do réim Raghnaill.

26 Gin co bedh fós fad cheib chais
acht in t-áoinfer or fhasuis
tonn rabharta don reim(h) righ
céim farb adhanta th'ilgnimh.

27 Do fás o Murchad mhac Floinn
inghin Hí Ruairc o Fremuinn
deoch milis mar is dú dháoibh
do ibhis do chrú Cathaoir.

28 D'imad airdrigh fad t'ucht geal
ni cnesda cur re a n-áream
a dtomus uaim-si madh ail
gan forus t'uaisli d'fhaghbháil.

29 Teid do chís ar clannuib cnichd
co brath mad ail an oighrichd
ní bfuil fath na hechtra ann
cách ac teachta fad termann.

30 A n-am an catha do chur
meirge sroill re crann curudh
lintar an t-ath dh'atuib óir
fad bratuigh trath an tinóil.

31 Mac Toirrdhealbaig taeb mar tuinn
gég cumra cloinne Domnaill
lam derg o chach mur ro-cluin
a ferg san áth do osguil.

32 Imda ar lár d'aitle a agha
lethchos agus leathlamha
stuagh[a] oca faghairt a bfhuil
úadha ac tabhairt an tachuir.

33 Mac Caitreach Fhina fuair geall
ceann aidhe d'eigsib Eireann
do ghab cloidheamh do gab gha
do char troigeadh re tendta. d. t.

34 Ingin Uaiter na ngruadh ngeal
uaisli a haicme da n-áirmer
nír fás dibh acht cnú chiníl
is dín do crú Chaitilín.

35 Clann Feorais fúair rea n-adhaigh
is rigraid clann gConcubhair
fuair-si na fola dob ferr
uaisli a mogha da máoideam.

36 Mac De 'sa[n] crann derg re a druim
Muire fós fechadh oruinn
tic sa Lúan tre guin a gha
ní bfuil acht ac túar teachta. Do...